An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

# Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn

## Tuarascáil Bhliantúil 2024



# Clár Ábhar


RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FHEIDHMEACH ..... 3

TREOIR 2024/1712 ÓN AONTAS EORPACH ..... 4

1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE ..... 5

CAD IS GÁINNEÁIL AR DHAOINE ANN? ..... 5

CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÉN ÁIT A dTARLAÍONN SÍ? ..... 6

SMUIGLEÁIL DAOINE I gCODARSNACHT LE GÁINNEÁIL AR DHAOINE ..... 6

2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN ..... 8

FORBHREATHNÚ AR AN mBLIAIN 2024 ..... 8

SONRAÍ DON TRÉIMHSE 2020-2024 ..... 9

3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP ..... 13

4. FREAGAIRT NA hÉIREANN DON GHÁINNEÁIL AR DHAOINE ..... 15

AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA ..... 15

AN CREAT DLÍTHIÚIL IN ÉIRINN ..... 15

TACAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH ..... 16

AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA ..... 18

5. COMHAR IDIRNÁISIÚNTA ..... 19

6. AN DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2024 ..... 22

IMSCRÚDUITHE AGUS IONCHÚISIMH ..... 23

CUR CHUN FEIDHME AN PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NUA ..... 23

SOLÁTHAR SAINCHÓIRÍOCHTA ..... 24

RAPÓIRTÉIR NÁISIÚNTA UM FHRITHGHÁINNEÁIL AR DHAOINE ..... 24

7. CEARTA ÍOSPARTACH, MÚSCAILT FEASACHTA, AGUS COSC ..... 25

AN CHAIRT ÍOSPARTACH AGUS FÓRAM NA nÍOSPARTACH ..... 25

IMEACHTAÍ MÚSCAILTE FEASACHTA ..... 25

8. CONCLÚID ..... 27

# RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Tá áthas ar an Roinn Dlí agus Cirt an séú tuarascáil bhliantúil déag maidir le Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn (2024) a chur i láthair, rud lena gcumhdaítear an tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024. Leis an tuarascáil, comhlíontar na hoibleagáidí tuairiscithe atá ar Éirinn faoi Airteagal 19 de Threoir (AE) 2011/36[1] maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac.

Tá an tuarascáil struchtúrtha mar a leanas:

- I gCaibidil 1, leagtar amach an míniú ar gháinneáil ar dhaoine agus na príomh-shaintréithe di.
- I gCaibidil 2, cuirtear i láthair staitisticí maidir le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine a sainaithníodh in Éirinn.
- I gCaibidil 3, tugtar forbhreathnú ar threochtaí gáinneála ar fud na hEorpa.
- I gCaibidil 4, tugtar tuairisc ar an bhfreagairt ón Stát agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn, lena n-áirítear tacaí d'íospartaigh.
- I gCaibidil 5, achoimrítear measúnuithe idirnáisiúnta ar iarrachtaí na hÉireann agus sásraí comhair idirnáisiúnta.
- I gCaibidil 6, tarraingítear aird ar phríomhfhorbairtí agus ar dhul chun cinn le linn na bliana 2024.
- I gCaibidil 7, tugtar forbhreathnú ar fhaisnéis agus ar fhor-rochtain.
- Is í Caibidil 8 an chonclúid.

Sa bhliain 2024, shainaithin an Garda Síochána 67 nduine mar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, lenar áiríodh deichniúr mionaoiseach. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe, ba le teacht i dtír gnéasach a bhain formhór na dteagmhas gáinneála ar dhaoine a tuairiscíodh in Éirinn, agus é freagrach as 48 n-íospartach. Sainaithníodh 15 íospartach eile mar dhaoine a bhí thíos le teacht i dtír ar shaothar, agus bhain ceithre chás le cineálacha neamhshonraithe gáinneála.

Is ionann é sin agus méadú 14 íospartach shainaitheanta i gcomparáid leis an mbliain 2023, ar lena linn a tuairiscíodh 53 íospartach. Aithnítear nach léirítear i bhfigiúirí oifigiúla fíorscála na gáinneála, toisc nach bhfuil cuid mhór íospartach sainaitheanta go fóill. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, thaifead Eurostat 10,793 dhuine mar íospartaigh chláraithe na gáinneála sa bhliain 2023, bunaithe ar thuairisciú oifigiúil náisiúnta.

Leanann an Roinn Dlí agus Cirt lena chinntiú go mbíonn cistiú ar fáil d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a imríonn ról ríthábhachtach maidir le cúnamh a thabhairt d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine teacht ar thacaí chun cabhrú leo téarnamh ón teagmhas. Don bhliain 2024, leithdháil an Roinn Dlí agus Cirt cistiú iomlán €7.7 milliún ar níos mó ná 65 eagraíocht a thacaíonn le híospartaigh na coireachta, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála. Tá an leithdháileadh €7.7 milliún cothrom le méadú os cionn 26.5% ar an gciste iomlán roimhe a cuireadh ar fáil sa bhliain 2023, ba é sin €5.8 milliún.[2]

Foilsíodh an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2023-2027 an 6 Samhain 2023. Leis an bPlean Gníomhaíochta, cuirtear le hobair a rinneadh roimhe sin, agus léirítear tuiscint mhéadaithe ar chastacht na gáinneála, agus díriú á leagan ar chosc, ar shainaithint, ar chosaint agus ar chomhpháirtíocht. Áirítear leis na príomhbhearta atá ann creat oiliúna náisiúnta a fhorbairt, múscailt feasachta a fheabhsú, agus gníomhartha a ghabháil de láimh chun treisiú leis na tacaí atá ar fáil d'íospartaigh.

---

[1] Airteagal 19: 'Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun rapóirtéirí náisiúnta nó sásraí coibhéiseacha a bhunú. Áireofar leis na cúraimí a bheidh ar na sásraí sin measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí i ngáinneáil ar dhaoine, na torthaí a bhíonn ar ghníomhartha frithgháinneála a thomhas, lena n-áirítear staitisticí a bhailiú i ndlúthchomhar le heagraíochtaí ábhartha sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse seo, agus tuairisc a thabhairt.'

[2] Fógraíonn an tAire Nic an tSaoi cistiú €7.7 milliún d'eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta

Leantar le gáinneáil ar dhaoine chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh a aithint in Éirinn mar chineál foréigin inscnebhunaithe. Dá bhrí sin, tá bearta atá ceaptha chun tacú le híospartaigh na gáinneála chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh léirithe, i gcás gur cuí, laistigh den doiciméad Zero Tolerance: An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2022 - 2026, ina leagtar amach clár athchóirithe cúig bliana a bhfuil mar aidhm leis sochaí a bhaint amach nach gcuireann suas le foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe.

Ceann de na gníomhartha tosaíochta faoin straitéis Zero Tolerance ba ea Rosa's Place a bhunú, arb ionad cóiríochta tiomnaithe do mhná amháin é d'íospartaigh na gáinneála agus an teachta i dtír ghnéasaigh. Agus é á oibriú ag Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta, triaileadh an t-ionad le linn na bliana 2024, agus soláthraíonn sé cóiríocht do suas le hochtar íospartach, mar aon le tacaí saincheaptha. Úsáidfear an méid a fhoghlaimeofar ón triail chun bonn eolais a chur faoi sholáthar sainchóiríochta a fhorbairt amach anseo.

Rinneadh Cuan, an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, a bhunú go foirmiúil an 1 Eanáir 2024, agus é freagrach as comhordú, faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an straitéis Zero Tolerance. Cé go bhfuil gáinneáil ar dhaoine agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe ar leithligh óna chéile ó thaobh beartais de, forluíonn siad ar a chéile i gcásanna a bhaineann le gáinneáil chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh.

## TREOIR 2024/1712 ÓN AONTAS EORPACH

Sa bhliain 2011, ghlac an tAontas Eorpach Treoir maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint. Tá an Treoir sin ar cheann de na príomhuirlisí sa chomhrac in aghaidh gáinneáil ar dhaoine, toisc go leagtar síos inti rialacha íosta a bhaineann leis an míniú ar chionta coiriúla agus le smachtbhannaí ar an leibhéal náisiúnta. Áirítear léi freisin rialacha a bhfuil feidhm acu ar fud an Aontais Eorpaigh chun cosc agus cosaint íospartach a neartú. Cé go bhfuil cuspóirí Threoir (AE) 2011/36 ábhartha go fóill, tháinig roinnt dúshlán chun cinn, nó d'éirigh siad níos tábhachtaí, ó shin i leith. Tugtar aghaidh ar na dúshláin sin tríd an athbhreithniú spriocdhírithe a rinneadh ar an Treoir.

I mí Aibreáin 2023, roghnaigh Éire a bheith páirteach sa Togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2011/36 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint.

Leis an Treoir athmhúnlaithe, Treoir (AE) 2024/1712, cuirfear pósadh éignithe, uchtú neamhdhleathach agus teacht i dtír ar mháthairionadaíocht leis na cineálacha aitheanta teacht i dtír a chumhdaítear le dlí frithgháinneála an Aontais Eorpaigh. Cuirfear san áireamh ina leith sin leitheadúlacht agus ábharthacht na gcineálacha teacht i dtír sin.

Toradh eile atá ar an nuashonrú sin is ea go gceanglaítear ar thíortha den Aontas Eorpach a chinntiú go bhféadfar smachtbhannaí a chur ar dhaoine a bhaineann úsáid go feasach as seirbhísí arna soláthar ag íospartaigh na gáinneála. Leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, in Éirinn, rinneadh cion sonrach d'íoc as gníomhaíocht ghnéasach le duine a ndearnadh gáinneáil air nó uirthi.

Amhail i gcás na Treorach reatha, féadfar pionós arb éard é téarma príosúnachta cúig bliana ar a laghad nó, i gcás tromchionta, téarma príosúnachta deich mbliana ar a laghad a ghearradh i leith na gcineálacha nua teacht i dtír (pósadh éignithe, uchtú neamhdhleathach, agus teacht i dtír ar mháthairionadaíocht).

# 1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

## CAD IS GÁINNEÁIL AR DHAOINE ANN?

Coir agus sárú ar chearta an duine is ea gáinneáil ar dhaoine. Ionas go dtiocfaidh aon chás faoin míniú ar gháinneáil, ní mór trí ghné ar leith (gníomh, modh, agus cuspóir) a chomhlíonadh:

- Ní mór an GNÍOMH a bhaineann le daoine a earcú, a iompar, a aistriú, a thearmannú nó a ghlacadh a bheith déanta tríd...
- An MODH, amhail bagairt nó úsáid fornirt nó cineálacha eile comhéigin, fuadach, calaois, meabhlaireacht, anúsáid cumhachta nó mí-úsáid daoine atá i riocht soghonta, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a fháil, agus ní mór é a déanta...
- Chun TEACHT I dTÍR A DHÉANAMH, i.e., teacht i dtír gnéasach, teacht i dtír ar shaothar, déircínteacht éignithe, coiriúlacht éignithe, nó baint orgán.

**Gáinneáil ar leanaí - nóta tábhachtach:**

Ní féidir le leanbh toiliú le gáinneáil a bheith á déanamh air nó uirthi; mar sin, níl aon fheidhm ag an MODH maidir le leanaí. I gcás linbh, is leor an GNÍOMH a bhaineann le leanbh a earcú, a iompar, a aistriú, a thearmannú nó a ghlacadh CHUN teacht i dtír A DHÉANAMH chun teacht faoin míniú ar gháinneáil.

Ar an gcaoi chéanna, is annamh a thiocfaidh teacht i dtír a dhéanamh ar leanbh faoin míniú ar gháinneáil ar dhaoine i gcás nach mbeidh 'Gníomh' i gceist, cé gur cion coiriúil eile é sin.



*Ina lán cásanna, ní bhíonn daoine den phobal i gcoitinne in ann íospartaigh na gáinneála a aithint.*

Tá láithreacht na dtrí ghné ar leith léirithe sa mhíniú ar gháinneáil ar dhaoine atá leagtha amach i g**Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine** agus i b**Prótacal na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith**, **lena bhForlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta**:

> *"Ciallóidh gáinneáil ar dhaoine daoine a earcú, a iompar, a aistriú, a thearmannú nó a ghlacadh, trí bhagairt nó úsáid fornirt nó cineálacha eile comhéigin, trí fhuadach, trí chalaois, trí mheabhlaireacht, trí anúsáid cumhachta nó mí-úsáid daoine atá i riocht soghonta, nó trí íocaíochtaí nó sochair a thabhairt nó a fháil chun toiliú duine a bhfuil smacht aige nó aici ar dhuine eile a fháil, chun teacht i dtír a dhéanamh.*
>
> *Áireofar le teacht i dtír, ar a laghad, teacht i dtír a dhéanamh ar striapachas daoine eile nó cineálacha eile teachta i dtír ghnéasaigh, saothar nó seirbhísí éignithe, sclábhaíocht, nó cleachtais atá cosúil le sclábhaíocht, daoirse, nó baint orgán."*[3]

In Éirinn, cuireadh na mínithe sin san áireamh san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008**, agus san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú), 2013**.

## CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÉN ÁIT A dTARLAÍONN SÍ?

Coir ardbhrabúis ísealriosca a bhíonn faoi réir soláthair agus éilimh is ea gáinneáil ar dhaoine. Baineann líonraí coiriúla nó daoine aonair leas as raon tosca 'brú agus tarraingthe', lena n-áirítear bochtaineacht, éagothroime, easpa deiseanna eacnamaíocha, agus an t-éileamh ar shaothar saor agus ar sheirbhísí gnéasacha. Méadaíonn na tosca sin a shoghonta a bhíonn daoine i leith teacht i dtír agus is féidir go dtiocfaidh daoine aonair chun bheith ina n-íospartaigh gháinneála dá ndeasca.

Is féidir le gáinneáil tarlú trasna teorainneacha nó laistigh d'aon tír amháin, agus is féidir teacht i dtír a dhéanamh ar íospartaigh i ndlínse amháin agus a shainaithint i ndlínse eile. Is íospartach gáinneála é nó í aon duine a ndearnadh gáinneáil air nó uirthi, is cuma cén áit ar tharla an teacht i dtír. Is féidir go mbeidh Éire ina tír ceann scríbe do dhaoine a ndearnadh gáinneáil nó teacht i dtír orthu i ndlínsí eile, agus is féidir go sainaithneofar na daoine sin mar íospartaigh gháinneála in Éirinn.

Is féidir teacht i dtír a dhéanamh ar íospartaigh na gáinneála ar fud raon earnálacha éagsúla, lena n-áirítear talmhaíocht, monaraíocht, foirgníocht, fáilteachas, obair tí, agus na tionscail seirbhísí agus siamsaíochta. Áirítear leis na cineálacha teacht i dtír atá ann teacht i dtír gnéasach, teacht i dtír ar shaothar, déircínteacht éignithe, agus coiriúlacht éignithe, lena n-áirítear rannpháirtíocht i saothrú nó dáileadh drugaí neamhdhleathacha.

## SMUIGLEÁIL DAOINE I gCODARSNACHT LE GÁINNEÁIL AR DHAOINE

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, ar feiniméin ar leith iad ó thaobh an dlí de agus ó thaobh coincheapa de.

Is é atá i gceist le gáinneáil ar dhaoine ná daoine a earcú, a iompar, a aistriú, a thearmannú nó a ghlacadh chun teacht i dtír a dhéanamh. Saintréithe na gáinneála ar dhaoine is ea úsáid fornirt, comhéigean, meabhlaireacht, anúsáid cumhachta, nó teacht i dtír a dhéanamh ar dhaoine atá i riocht soghonta. I gcás íospartaigh aosacha, ní bhaineann toiliú le hábhar i gcás gur úsáideadh aon cheann de na modhanna sin.


[3] Airteagal 3, Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta | Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine

I gcodarsnacht leis sin, is é atá i gceist le smuigleáil imirceach ná teacht isteach neamhrialta duine i Stát a éascú le haghaidh gnóthachan airgeadais nó ábhartha. Cé gur féidir dálaí contúirteacha nó táireacha a bheith i gceist le smuigleáil, is é toiliú an duine aonair is ábhar don smuigleáil leis an ngníomh éascaithe an phríomh-shaintréith atá aici.

Rud ar chás smuigleála é ar dtús, is féidir go dtiocfaidh sé chun bheith ina chás gáinneála ina dhiaidh sin i gcás go ndéanfar teacht i dtír ar an duine a smuigleáladh trí fhorneart, comhéigean, meabhlaireacht nó drochúsáid le linn an phróisis smuigleála nó ina dhiaidh.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhdhifríochtaí:

- Is é atá i gceist le smuigleáil imirceach ná teacht isteach neamhrialta i Stát a éascú. Is é atá i gceist le gáinneáil ná teacht i dtír, agus ní gá go mbeadh teacht isteach neamhdhleathach i gceist léi.
- Is féidir go dtiocfaidh íospartaigh gháinneála isteach i Stát go dleathach nó go neamhdhleathach, ach is gá go mbeadh trasnú teorann neamhrialta i gceist le smuigleáil.
- Ní mór trasnú teorann idirnáisiúnta a bheith i gceist le smuigleáil imirceach; is féidir le gáinneáil tarlú trasna teorainneacha agus laistigh d'aon tír amháin araon.
- Is gnách go dtagann smuigleáil chun deiridh a luaithe a shroicheann an t-imirceach a cheann scríbe nó a ceann scríbe. Tá teacht i dtír leanúnach i gceist le gáinneáil.
- I gcásanna gáinneála, ní bhaineann aon toiliú tosaigh a thug íospartach aosach le hábhar i gcás gur úsáideadh modhanna comhéigneacha, mealltacha nó drochídeacha.



# 2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN

**Nóta maidir le staitisticí:**

Rud dúshlánach ó nádúr is ea meastachán a dhéanamh ar leitheadúlacht na gáinneála ar dhaoine. Is measartha íseal a bhíonn an líon íospartach sainaitheanta gach bliain. Is coir rúnmhar í gáinneáil freisin, ar coir í a fhorluíonn ar chineálacha eile gníomhaíochta coiriúla go minic. Ina theannta sin, i gcás gurb íseal atá an líon foriomlán, is féidir le teagmhais aonair a bhfuil líon mór íospartach i gceist leo tionchar díréireach a imirt ar na figiúirí bliantúla. Ar na cúiseanna sin, léirítear san fhaisnéis staitistiúil atá curtha i láthair sa rannán seo na sonraí atá ar fáil do na húdaráis ábhartha, agus tugtar inti forbhreathnú anailíseach, seachas tomhas cinntitheach ar scála na gáinneála in Éirinn. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil seans ann nach bhfuil íospartach sainaitheanta gáinneála ar leith nasctha le cion gáinneála a tharla laistigh den Stát, toisc gur féidir íospartaigh a shainaithint in Éirinn i gcás gur tharla an teacht i dtír go hiomlán nó go páirteach i ndlínse eile.

Cuirtear i bhfeidhm sa Tuarascáil Bhliantúil 2024 an cur chuige aicmiúcháin céanna a cuireadh i bhfeidhm i mblianta roimhe. Ar aon dul leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, ní dhéantar íospartaigh cionta a ionchúisíodh faoi alt 3(2) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998, arna leasú, a chur ar áireamh i staitisticí gáinneála i gcás nach gcomhlíonann an cion an míniú dlíthiúil ar gháinneáil ar dhaoine. Leis an gcur chuige sin, cinntítear comhsheasmhacht ó thaobh tuairiscithe de agus cinntítear ailíniú le caighdeáin atá aitheanta go hidirnáisiúnta.

## FORBHREATHNÚ AR AN mBLIAIN 2024

Shainaithin an Garda Síochána 67 nduine d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine sa bhliain 2024. Íospartaigh an teachta i dtír ghnéasaigh a bhí in 48 nduine díobh, agus íospartaigh an tsaothair éignithe a bhí i 15 dhuine díobh. Sainaithníodh ceathrar íospartach mar dhaoine a bhí thíos le cineál neamhshonraithe gáinneála. Mionaoisigh a bhí i ndeichniúr de na 67 n-íospartach.

**Tábla 1 An líon iomlán íospartach a sainaithníodh in Éirinn sa bhliain 2024**

| | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| **An Líon Iomlán Íospartach a Sainaithníodh** | **67** | **100%** |
| **Aosach** | 57 | 85% |
| **Mionaoiseach** | 10 | 15% |

**Tábla 2 Gáinneáil de réir cineál teacht i dtír**

| | Líon | % den Iomlán |
|---|---|---|
| **Gáinneáil le haghaidh teacht i dtír gnéasach a dhéanamh** | 48 | 72% |
| **Gáinneáil le haghaidh saothar éignithe** | 15 | 22% |
| **Gáinneáil le haghaidh coiriúlacht éignithe** | 4 | 6% |
| **Iomlán** | **67** | **100%** |

| Tábla 3 Tíortha foinseacha | | |
|---|---|---|
| | Líon | % den Iomlán |
| An Nigéir | 38 | 56.5% |
| An Bhrasaíl | 4 | 6% |
| An Afraic Theas | 2 | 3% |
| An Laitvia | 2 | 3% |
| Vítneam | 2 | 3% |
| An Indinéis | 2 | 3% |
| An Rómáin | 2 | 3% |
| An tSiombáib | 2 | 3% |
| An India | 2 | 3% |
| An Albáin | 2 | 3% |
| Camarún | 1 | 1.5% |
| Uganda | 1 | 1.5% |
| An Bhotsuáin | 1 | 1.5% |
| An Bhulgáir | 1 | 1.5% |
| An tSín | 1 | 1.5% |
| Maracó | 1 | 1.5% |
| An tSlóvaic | 1 | 1.5% |
| Oileán Mhuirís | 1 | 1.5% |
| An tSaimbia | 1 | 1.5% |
| Iomlán | **67** | **100%** |

## SONRAÍ DON TRÉIMHSE 2020-2024

Sna táblaí seo a leanas, leagtar amach an líon íospartach a sainaithníodh in Éirinn sna cúig bliana seo a chuaigh thart, an cineál teacht i dtír a raibh siad faoina réir, agus a réigiún tionscnaimh.

### ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, AOISE AGUS INSCNE

Léirítear i dTábla 4 an líon daoine d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine ar shainaithin an Garda Síochána iad de réir bhliain an bhraite, aoise agus inscne. Braitheadh 244 íospartach sna cúig bliana seo a chuaigh thart, ar sainaithníodh 67 nduine díobh sa bhliain 2024.

| Tábla 4 Íospartaigh shainaitheanta de réir bliana, aoise agus inscne | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **Aois** | **Baineann** | **Fireann** | **Iomlán** |
| **2020** | Aosach | 33 | 5 | 38 |
| | Mionaoiseach | - | - | - |
| | **Iomlán** | **33** | **5** | **38** |
| **2021** | Aosach | 28 | 16 | 44 |
| | Mionaoiseach | - | - | - |
| | **Iomlán** | **28** | **16** | **44** |
| **2022** | Aosach | 23 | 14 | 37 |
| | Mionaoiseach | 4 | 1 | 5 |
| | **Iomlán** | **27** | **15** | **42** |
| **2023** | Aosach | 38 | 10 | 48 |
| | Mionaoiseach | 4 | 1 | 5 |
| | **Iomlán** | **42** | **11** | **53** |
| **2024** | **Aosach** | 42 | 15 | 57 |
| | **Mionaoiseach** | 8 | 2 | 10 |
| | **Iomlán** | **50** | **17** | **67** |
| **Iomlán** | **Aosach** | 164 | 60 | 224 |
| | **Mionaoiseach** | 16 | 4 | 20 |
| | **Iomlán** | **180** | **64** | **244** |

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS CINEÁL TEACHT I dTÍR

Tugtar i dTábla 5 miondealú ar an 244 dhuine d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine de réir réigiún tionscnaimh. Sna cúig bliana seo a chuaigh thart, ba as réigiún an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) a tháinig 19% d'íospartaigh shainaitheanta, ba as réigiún na hAfraice a tháinig 61% díobh, agus ba as réigiún na hÁise a tháinig 9% díobh.

**Tábla 5 Íospartaigh shainaitheanta de réir bliana agus réigiún tionscnaimh**

| Bliain | Réigiún Tionscnaimh | Iomlán |
|---|---|---|
| 2020 | An Afraic | 23 |
| | LEE | 9 |
| | Réigiún den Eoraip nach réigiún de LEE é | 2 |
| | Meiriceá Theas | 2 |
| | Meiriceá Thuaidh | 1 |
| | An Meánoirthear | 1 |
| 2021 | An Afraic | 29 |
| | LEE | 9 |
| | Réigiúin den Eoraip nach réigiúin de LEE iad | 1 |
| | Meiriceá Theas | 1 |
| | An Áise | 3 |
| | Éire | 1 |
| 2022 | An Afraic | 21 |
| | LEE | 11 |
| | Réigiúin den Eoraip nach réigiúin de LEE iad | 1 |
| | Meiriceá Theas | 0 |
| | An Áise | 6 |
| | An Meánoirthear | 1 |
| | Éire | 2 |
| 2023 | An Afraic | 27 |
| | LEE | 12 |
| | Réigiúin den Eoraip nach réigiúin de LEE iad | 4 |
| | Meiriceá Theas | 2 |
| | An Áise | 7 |
| | An Meánoirthear | 1 |
| 2024 | An Afraic | 48 |
| | LEE | 6 |
| | Réigiúin den Eoraip nach réigiúin de LEE iad | 2 |
| | Meiriceá Theas | 4 |
| | An Áise | 7 |
| Iomlán | An Afraic | 148 |
| | LEE | 47 |
| | Réigiúin den Eoraip nach réigiúin de LEE iad | 10 |
| | Meiriceá Theas | 9 |
| | Meiriceá Thuaidh | 1 |
| | An Áise | 23 |
| | An Meánoirthear | 3 |
| | Éire | 2 |
| | **Iomlán** | **244** |

## ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, CINEÁL TEACHT I dTÍR AGUS INSCNE

Tháinig an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú), 2013, i bhfeidhm i mí Lúnasa 2013. Leis an Acht, leathnaíodh an míniú ar gháinneáil ar dhaoine chun go bhfolódh sé teacht i dtír a dhéanamh ar dhuine chun críche déircínteachta éignithe agus le haghaidh rannpháirtíocht éignithe i ngníomhaíochtaí coiriúla le haghaidh gnóthachan airgeadais. Rinneadh na catagóirí sonracha teachta i dtír líomhnaithe sin a thaifeadadh roimhe sin mar 'teacht i dtír neamhchatagóirithe' nó mar 'teacht i dtír ar shaothar'.

Léirítear i dTábla 6 thíos an treocht i gcineál teacht i dtír i gcás na n-íospartach sin a sainaithníodh in Éirinn.

**Tábla 6 Treochtaí i gcineál teacht i dtír**

| Bliain | Teacht i dTír | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| 2020 | Teacht i dTír Gnéasach | 24 | 2 | 26 |
| | Teacht i dTír ar Shaothar | 8 | 2 | 10 |
| | Coiriúlacht Éignithe | 1 | 1 | 2 |
| 2021 | Teacht i dTír Gnéasach | 24 | 1 | 25 |
| | Teacht i dTír ar Shaothar | 4 | 15 | 19 |
| 2022 | Teacht i dTír Gnéasach | 23 | 1 | 24 |
| | Teacht i dTír ar Shaothar | 3 | 12 | 15 |
| | Coiriúlacht Éignithe | - | 2 | 2 |
| | Eile | 1 | - | 1 |
| 2023 | Teacht i dTír Gnéasach | 28 | - | 28 |
| | Teacht i dTír ar Shaothar | 8 | 8 | 16 |
| | Coiriúlacht Éignithe | 4 | 3 | 7 |
| | Eile | 2 | - | 2 |
| 2024 | Teacht i dTír Gnéasach | 45 | 3 | 48 |
| | Teacht i dTír ar Shaothar | 4 | 11 | 15 |
| | Coiriúlacht Éignithe | 1 | 3 | 4 |
| Iomlán | Teacht i dTír Gnéasach | 144 | 7 | 151 |
| | Teacht i dTír ar Shaothar | 27 | 48 | 75 |
| | Coiriúlacht Éignithe | 6 | 9 | 15 |
| | Eile | 3 | - | 3 |
| | **Iomlán** | **180** | **64** | **244** |

*Seasann 'Eile' do mheascán de Choiriúlacht Éignithe agus de Theacht i dTír ar Shaothar agus de Theacht i dTír Gnéasach.

# 3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP

Thuairiscigh Eurostat, oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh, gurbh amhlaidh sa bhliain 2023, arb í an bhliain is déanaí dá bhfuil figiúirí ar fáil faoi láthair í, a bhí 10,793 dhuine mar íospartaigh chláraithe na gáinneála ar dhaoine san Aontas Eorpach agus a bhí 2,309 ngáinneálaí chiontaithe ann.[4] Mar sin féin, bhí an líon daoine ciontaithe i bhfad níos ísle ná an líon daoine a bhí faoi dhrochamhras i dtaobh na gáinneála ar dhaoine. Tríd is tríd, is ionann é sin agus meán Aontais Eorpaigh atá cothrom le 24 íospartach chláraithe gáinneála in aghaidh gach milliúin áitritheoir.

Sa bhliain 2023, ba den inscne bhaineann a bhí beagnach dhá thrian (63%) d'íospartaigh chláraithe na gáinneála agus ba den inscne bhaineann a bhí 24.2% de na gáinneálaithe amhrasta. Sa bhliain 2023, ba as an tír thuairiscithe do 28% d'íospartaigh chláraithe na gáinneála. Thuairiscigh an Bhulgáir, an Rómáin, an tSlóvaic, an Ungáir, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn gur as a dtír féin d'fhormhór na n-íospartach, agus ba as tíortha nach tíortha Aontais Eorpaigh iad do níos mó ná 80% de na híospartaigh chláraithe san Ostair, i Málta, sa tSlóivéin, sa Spáinn, sa Danmhairg, sa Bheilg, sa Phortaingéil, sa Ghréig, san Fhionlainn, i Lucsamburg, san Iodáil agus san Eastóin.

Sa bhliain 2023, ba i Lucsamburg (157), sa Ghréig (51), san Ísiltír (49), san Ostair (47) agus sa tSualainn (45) a breathnaíodh na rátaí is airde in aghaidh gach milliúin áitritheoir san Aontas Eorpach agus ba sa Chróit agus sa Liotuáin (5) agus i bPoblacht na Seice (2) a breathnaíodh na rátaí is ísle. D'fhéadfadh rátaí níos airde a bheith bainteach le hacmhainn níos mó a bheith ag an gcóras náisiúnta chun íospartaigh a shainaithint, seachas leitheadúlacht níos airde a bheith ann.



**Sa bhliain 2023, bhí 10,793 dhuine mar íospartaigh chláraithe na gáinneála san Aontas Eorpach.**

**Ba den inscne fhireann a bhí 37% de na híospartaigh chláraithe.**


**Ba den inscne bhaineann a bhí 63% de na híospartaigh chláraithe.**

[4] Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: [Staitisticí maidir le gáinneáil ar dhaoine – Míniú ar na Staitisticí (europa.eu)]

Mar a thaispeántar sa ghraf thíos, ba é an teacht i dtír gnéasach an cineál teacht i dtír ba choitianta fós sa bhliain 2023, agus é cothrom le 43.8%, cé gur laghdaigh sciar an teachta i dtír ghnéasaigh de réir a chéile thar an tréimhse 2008-2023. Bíonn leitheadúlacht an teachta i dtír ar shaothar ag méadú, agus an sciar d'íospartaigh an tsaothair éignithe agus na seirbhísí éignithe idir 28% agus 41% ó bhí an bhliain 2019 ann. Maidir le gáinneáil le haghaidh baint orgán agus chun críocha teacht i dtír eile, lena n-áirítear calaois sochair, gníomhaíochtaí coiriúla agus déircínteacht éignithe, b'ionann í agus 20.2%.[5]

**Cineálacha teacht i dtír d'íospartaigh chláraithe na gáinneála ar dhaoine, 2008-2023 (an líon daoine):**

(Foinse: Staitisticí maidir le gáinneáil ar dhaoine – Míniú ar na Staitisticí – Eurostat)




5 Ibid.

# 4. FREAGAIRT NA hÉIREANN DON GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

## AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá reachtaíocht náisiúnta na hÉireann bunaithe ar an tiomantas domhanda agus Eorpach don gháinneáil ar dhaoine a chomhrac.

Is iad seo a leanas na príomhionstraimí idirnáisiúnta:

- Prótacal Palermo ó na Náisiúin Aontaithe ón mbliain 2000: Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta.
- Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine: Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 2005 maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, a dhaingníodh i mí Iúil 2010.
- Treoir (AE) 2011/36 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus maidir lena híospartaigh a chosaint.
- Le Treoir (AE) 2024/1712, leasaítear Treoir (AE) 2011/36.

## AN CREAT DLÍTHIÚIL IN ÉIRINN

Le reachtaíocht na hÉireann, in éineacht le bearta riaracháin chun tacú le híospartaigh, cuirtear na conarthaí idirnáisiúnta sin chun feidhme go hiomlán.



Is iad seo a leanas na príomhionstraimí dlí in Éirinn:

- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008. Is é sin an príomh-Acht um gháinneáil ar dhaoine lena mínítear an choir agus na pionóis a ghabhann léi, seachas gáinneáil ghnéis ar leanaí. Leis an Acht, déantar coir de na nithe seo a leanas: gáinneáil ar aosaigh; gáinneáil ar leanaí chun críocha seachas teacht i dtír gnéasach (rud a bpléitear leis le hAcht 1998 – féach thíos); striapach a dhéanamh de dhuine a ndearnadh gáinneáil air/uirthi; agus íoc as gnéas le duine a ndearnadh gáinneáil air/uirthi.
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998. Leis an Acht sin, cumhdaítear gáinneáil ar leanaí, mí-úsáid ghnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí. Maidir le gáinneáil ar dhaoine, déantar coir leis an reachtaíocht de gháinneáil ar leanaí le haghaidh teacht i dtír gnéasach.
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú), 2013. Le hAcht leasaitheach 2013, modhnaíodh an míniú ar 'Teacht i dTír ar Shaothar' chun é a thabhairt i gcomhréir le mínithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar 'saothar éignithe', agus tugadh éifeacht do Threoir (AE) 2011/36.
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2024, a achtaíodh an 17 Iúil 2024. Foráiltear leis do bhearta éagsúla a bhaineann le cionta gnéasacha agus le gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear creat athbhreithnithe le haghaidh íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a shainaithint agus tacú leo.

# TACAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH

## ÍOSPARTAIGH A SHAINAITHINT

Féadfaidh íospartach gáinneála rochtain a fháil ar chúnamh ar roinnt bealaí. Féadfaidh daoine aonair teacht ar aghaidh go díreach chuig an nGarda Síochána nó chuig seirbhís eile Stáit. Is féidir freisin go ndéanfaidh an Garda Síochána íospartaigh a shainaithint le linn oibríochtaí póilíneachta, nó féadfaidh íospartaigh tacaíocht a lorg ó eagraíochtaí neamhrialtasacha, a bhfaigheann roinnt díobh cistiú Stáit, amhail Ruhama agus Migrant Rights Centre Ireland.

Is féidir freisin go dtiocfaidh comhlachtaí éagsúla eile ar íospartaigh fhéideartha. Áirítear leis na comhlachtaí sin Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ambasáidí, agus daoine den phobal.

Imríonn feasacht an phobail ról tábhachtach in íospartaigh fhéideartha na gáinneála a shainaithint. Tá faisnéis faoi tháscairí na gáinneála ar dhaoine ar fáil tríd an suíomh Gréasáin Blue Blindfold.

## AN SÁSRA ATREORAITHE NÁISIÚNTA, AGUS STRUCHTÚIR RIARACHÁIN LE hAGHAIDH TACAÍOCHTA

Soláthraíonn Éire córas tacaí Stáit atá dírithe ar an íospartach d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine atá sainaitheanta ag an nGarda Síochána. Cuirtear na tacaí sin ar fáil trí shocruithe riaracháin láithreacha ar a dtugtar an Sásra Atreoraithe Náisiúnta go coitianta. Leis an gcreat sin, tacaítear leis an Stát, ag obair dó i gcomhpháirt leis an tsochaí shibhialta, na hoibleagáidí atá air cearta an duine atá ag íospartaigh na gáinneála a chosaint agus a chur chun cinn. I measc na dtacaí atá ar fáil tá cóiríocht, seirbhísí liachta, cúnamh dlíthiúil agus comhairle, i measc nithe eile.

Ag aon chéim den phróiseas, nó i gcás nach mian le híospartach fanacht sa Stát nó nach bhfuil sé de cheangal air/uirthi fanacht sa Stát, lena n-áirítear chun críocha imscrúdaithe choiriúil, féadfaidh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) filleadh deonach ar a t(h)ír thionscnaimh a éascú. Soláthraíonn IOM cláir chúnta um fhilleadh deonach agus ath-imeascadh, ar cláir iad atá ar fáil d'íospartaigh na gáinneála d'aon náisiúntacht ar mian leo filleadh abhaile go deonach ach nach bhfuil na hacmhainní ná na doiciméid riachtanacha acu chun déanamh amhlaidh. Coinníonn IOM oifigí ar bun ina lán tíortha agus oibríonn sé le comhpháirtithe áitiúla chun tacú le hath-imeascadh, lena n-áirítear trí rochtain ar chóiríocht, cúnamh liachta, agus tacaí eile.

An 5 Bealtaine 2021, cheadaigh an Rialtas forbairt Sásra Atreoraithe Náisiúnta athbhreithnithe chun íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a shainaithint agus chun tacaí a sholáthar. Leanadh den obair chun dul chun cinn a dhéanamh ar an athchóiriú sin le linn na tréimhse tuairiscithe. An 17 Iúil 2024, achtaíodh an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2024. Leis an Acht, déantar foráil do chreat reachtúil athbhreithnithe chun íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a shainaithint agus tacú leo.

Faoin gcreat dá bhforáiltear san Acht, féadfaidh freagracht as íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a shainaithint leathnú níos faide ná an Garda Síochána chuig roinnt comhlachtaí eile Stáit atá ainmnithe mar údaráis inniúla. Tá tosach feidhme agus oibríochtú na bhforálacha a bhaineann leis an Sásra Atreoraithe Náisiúnta athbhreithnithe faoi réir tuilleadh oibre ullmhúcháin agus oibriúcháin.

## EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA

Aithnítear go hidirnáisiúnta an dlúthchomhar idir geallsealbhóirí sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine mar ghné ríthábhachtach de straitéis rathúil frithgháinneála.

- Comhordaíonn an **Roinn Dlí agus Cirt** an beartas maidir le gáinneáil ar dhaoine in Éirinn agus oibríonn sí i gcomhoibriú le gníomhaireachtaí eile de chuid Rialtas na hÉireann agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.
- Tá **an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine** (AIMD) mar chuid de **Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta** (GNPSB) agus tá saineolas ar leith ag oifigigh an Aonaid sin ar gháinneáil ar dhaoine.
- Cuireann an **Fhoireann Frithgháinneála ar Dhaoine** (AHTT) de chuid **Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** (FSS) plean cúraim aonair ar fáil do gach duine atá mar íospartach na gáinneála ar dhaoine.
- Soláthraíonn an **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige** cóiríocht lánlóistín agus seirbhísí coimhdeacha ar fáil tríd an t**Seirbhís Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta** (IPAS) d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta atá sainaitheanta mar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine nó atá ina n-íospartaigh amhrasta, tar éis a n-atreoraithe ag an nGarda Síochána faoin Sásra Atreoraithe Náisiúnta.
- Soláthraíonn aturnaetha an **Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil** cúnamh dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil d'íospartaigh na gáinneála.
- Eagraíocht neamhrialtasach atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus a oibríonn ar leibhéal náisiúnta le mná atá thíos le striapachas agus le cineálacha eile teachta i dtír ghnéasaigh tráchtála is ea **Ruhama**. Soláthraíonn Ruhama seirbhís do mhná atá páirteach faoi láthair i striapachas ar an tsráid agus as an tsráid, do mhná atá ag éirí as striapachas, do mhná atá ina n-íospartaigh gáinneála gnéis, agus do mhná a bhfuil stair striapachais acu.
- Eagraíocht náisiúnta atá ag obair chun ceartas, cumhachtú agus comhionannas a chur chun cinn d'oibrithe imirceacha agus dá dteaghlach is ea **Migrant Rights Centre Ireland** (MRCI). Soláthraíonn Migrant Rights Centre Ireland faisnéis, tathant agus tacaíocht dhlíthiúil d'imircigh agus dá dteaghlach ar fud na hÉireann. Oibríonn an eagraíocht chun íospartaigh na gáinneála le haghaidh teacht i dtír ar shaothar a dhéanamh a shainaithint agus tacú leo, agus tacaíonn sí le fás agus forbairt roinnt grúpaí gníomhaíochta a chuireann ar chumas oibrithe imirceacha soghonta obair le chéile agus dálaí oibre a fheabhsú in earnálacha sonracha.

Áirítear iad seo a leanas le heagraíochtaí eile atá gníomhach i seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh na gáinneála:

- Oibríonn **an Chomhairle um Inimircigh na hÉireann** (ICI) chun feabhsuithe a bhaint amach ar na cearta agus na cosaintí a thugtar d'imircigh agus dá dteaghlach in Éirinn trí oibriú ar bheartas agus ar fheasacht maidir le saincheisteanna a bhaineann le himirce, le lánpháirtíocht, agus le gáinneáil ar dhaoine. Tá ionad dlí neamhspleách ag an gComhairle um Inimircigh na hÉireann agus oibríonn sí líne chabhrach le haghaidh ceisteanna inimirce.
- Eagraíocht atá lonnaithe i gCorcaigh agus atá ag obair i dtreo deireadh a chur le foréigean gnéasach sa tsochaí trí fheasacht a mhúscailt ar leitheadúlacht, minicíocht agus dinimic an fhoréigin idirphearsanta laistigh den tsochaí is ea **an tIonad Foréigin Ghnéasaigh, Corcaigh** (SVCC). I measc a seirbhísí tá comhairleoireacht tacaíochta géarchéime, tathant, agus líne chabhrach theileafóin.
- Eagraíocht a oibríonn chun tacú leis na cearta atá ag imircigh atá ina gcónaí i Luimneach agus i réigiún an Iarthair Láir i gcoitinne agus chun iad a chur chun cinn is ea **Doras**. Soláthraíonn an eagraíocht saintacaíocht dhíreach d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus do mhná atá gafa le striapachas nó atá ag éirí as.
- Eagraíocht idirnáisiúnta arb í an phríomhfhreagracht atá uirthi ná cabhrú le daoine filleadh ar a dtír thionscnaimh más mian leo déanamh amhlaidh is ea an **Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce** (IOM). Soláthraítear cúnamh do náisiúnaigh Aontais Eorpaigh agus do náisiúnaigh nach náisiúnaigh Aontais Eorpaigh iad araon.

# AN PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2023-2027. Leis an bPlean Gníomhaíochta, tógtar ar obair an chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar obair an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta, agus soláthraítear creat le haghaidh freagairt an Stáit do gháinneáil ar dhaoine a neartú. Bonn eolais faoi fhorbairt an Phlean Gníomhaíochta ba ea comhairliúchán le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus le Ranna agus gníomhaireachtaí iomchuí Rialtais.

Is é cuspóir uileghabhálach an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta ná treisiú le cur chuige uile-rialtais i leith gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. I measc a chuspóirí tá laghdú a dhéanamh ar an éileamh lena mbrúitear an gháinneáil chun cinn, feabhas a chur ar shainaithint íospartach agus ar thacaí dóibh, forfheidhmiú chearta na n-íospartach agus an t-ionchúiseamh ciontóirí a neartú, agus comhordú a fheabhsú ar fud an Rialtais.

Áirítear leis an bPlean Gníomhaíochta bearta a bhaineann le híospartaigh a shainaithint agus le tacaíocht a thabhairt dóibh, oiliúint agus múscailt feasachta, agus comhar trasghníomhaireachta. Foráiltear leis freisin do chreat leasaithe a fhorbairt le haghaidh íospartaigh a shainaithint agus a atreorú, agus é ag teacht leis an rún an caidreamh a leathnú amach ó údaráis forfheidhmithe dlí amháin.

Tá obair ullmhúcháin agus oibriúcháin sa réimse sin ar siúl faoi láthair.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghníomhartha faoin Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta:

- forbairt agus soláthar a dhéanamh ar oiliúint d'oifigigh phoiblí agus do ghairmithe a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil le híospartaigh na gáinneála, lena n-áirítear laistigh de na Ranna iomchuí agus de na gníomhaireachtaí iomchuí;
- caidreamh leantach le heagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le sainoiliúint a sholáthar do bhaill foirne túslíne in earnálacha a bhféadfadh táscairí ar an ngáinneáil teacht chun cinn iontu;
- bearta chun treisiú le scagthástáil agus le feasacht ag na pointí iontrála isteach sa Stát; agus
- gníomhartha chun tacú le freagairtí cuí cóiríochta d'íospartaigh na gáinneála.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, leanadh den obair chun comhtháthú a neartú idir an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Gháinneáil ar Dhaoine agus Zero Tolerance: An Tríú Straitéis Náisiúnta maidir le Foréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe 2022–2026, go háirithe a mhéid a bhaineann le gáinneáil chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh. Cé go bhfuil gáinneáil agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe ar leithligh óna chéile ó thaobh beartais de, forluíonn siad ar a chéile i ndáil le tacaí d'íospartaigh agus le freagairtí do theacht i dtír gnéasach.

I measc na ngníomhartha faoin straitéis Zero Tolerance atá ábhartha don fhorluí sin tá caidreamh le daoine aonair a bhfuil baint acu le trádáil an ghnéis, le seiceálacha cumhdaigh i ndáil le daoine agus áitribh atá bainteach le striapachas eagraithe, agus rannpháirtíocht i laethanta gníomhaíochta atá comhordaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus ar a spriocdhírítear ar striapachas eagraithe, ar choinneáil drúthlainne, agus ar cheannach gnéis. Áirítear leis an straitéis freisin scópáil agus taighde chun bonn eolais a chur faoi chumarsáidí amach anseo maidir le striapachas, maidir lena thionchair shochaíocha, agus maidir lena naisc le gáinneáil.

Rinneadh **Cuan**, an Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe, a bhunú i dtús na bliana 2024, agus ghlac sé le freagracht as comhordú, faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an straitéis Zero Tolerance. Tá ról ag Cuan freisin i dtaighde a stiúradh chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais amach anseo i réimse an fhoréigin baile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe.

# 5. COMHAR IDIRNÁISIÚNTA

## COMHAR TRASTEORANN

Leanann údaráis na hÉireann d'obair i ndlúthchomhar le comhpháirtithe forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann chun tacú le cur chuige comhordaithe uile-oileáin i leith dul i ngleic le gníomhaíocht choiriúil eagraithe, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine. Áirítear leis an gcomhar sin comhghníomhaíocht oibríochtúil, comhroinnt faisnéise, agus caidreamh trasghníomhaireachta.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'oibrigh an Garda Síochána i gcomhar le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann in imscrúduithe lenar spriocdhíríodh ar ghrúpaí coireachta eagraithe a bhí gafa le striapachas eagraithe agus le gáinneáil ar dhaoine chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh, i gcás gur sainaithníodh gné thrasteorann. Tacaíonn an comhar sin le cur isteach ar líonraí gáinneála atá ag oibriú trasna dlínsí ar oileán na hÉireann.

## AN TASCFHÓRSA COMHGHNÍOMHAIREACHTA

Tá an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta ina shásra foirmiúil le haghaidh comhar struchtúrtha trasdlínse idir údaráis na hÉireann agus údaráis na Ríochta Aontaithe agus iad ag tabhairt aghaidh ar choireacht eagraithe agus ar choireacht trasteorann. Tá an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta faoi stiúir ag ionadaithe sinsearacha ón nGarda Síochána, ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, ó na Coimisinéirí Ioncaim, agus ó Choimisinéirí Ioncaim agus Custam an Rí, agus tá gníomhaireachtaí eile rannpháirteach ann, lena n-áirítear an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na Ríochta Aontaithe.

Tá gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear gáinneáil ar leanaí, ar cheann de shé réimse bagartha tosaíochta atá sainaitheanta ag an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Tá Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta (GNPSB) freagrach as an réimse tosaíochta sin agus glacann sé páirt i ngníomhaíocht oibríochtúil a bhaineann leis an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta i gcás go sainaithnítear gné thrasteorann. Áirítear leis sin caidreamh struchtúrtha le contrapháirtithe i Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus rannpháirtíocht i gcomhphléití oibríochtúla agus i gcomhghníomhaíocht oibríochtúil le linn na tréimhse tuairiscithe.

## TASCFHÓRSA INTERPOL UM GHÁINNEÁIL AR DHAOINE (ITHT)

Lean Éire de pháirt a ghlacadh i dTascfhórsa Interpol um Gháinneáil ar Dhaoine, ar fóram idirnáisiúnta um chomhar i bhforfheidhmiú an dlí atá dírithe ar gháinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac ar an leibhéal domhanda é.

Trí rannpháirtíocht sa Tascfhórsa, glacann údaráis na hÉireann páirt i malartú faisnéise, dea-chleachtais agus foghlama maidir le cineálacha imscrúdaitheacha cur chuige i leith na gáinneála. Chomh maith leis sin, lean Éire d'úsáid a bhaint as na córais faisnéise de chuid Interpol a bhíonn i mbun feidhme 24 uair an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, chun tacú le comhar idirnáisiúnta agus chun cabhrú le húdaráis eile forfheidhmithe dlí in imscrúduithe a bhaineann le gáinneáil.

## EMPACT (an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla)

Lean Éire de chaidreamh a dhéanamh le EMPACT, creat oibríochtúil an Aontais Eorpaigh chun aghaidh a thabhairt ar choireacht idirnáisiúnta thromaí agus eagraithe. Réimse coireachta tosaíochta laistigh de thimthriall EMPACT reatha go fóill is ea gáinneáil ar dhaoine.

Ghlac Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta páirt i ngníomhaíochtaí EMPACT a bhain le gáinneáil ar dhaoine, lenar áiríodh freastal ar chruinnithe tionscadail iomchuí agus páirt a ghlacadh i bpleananna gníomhaíochta oibríochtúla. Leis na pleananna gníomhaíochta sin, tacaítear le comhar idir na Ballstáit maidir le haghaidh a thabhairt ar bhealaí gáinneála, ar líonraí coiriúla eagraithe, agus ar imscrúduithe trasteorann. Rannchuidíonn rannpháirtíocht na hÉireann le freagairtí comhordaithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh do gháinneáil agus do choireacht eagraithe ghaolmhar.

## COMHFHOIREANN IMSCRÚDAITHE

Uirlis thábhachtach le haghaidh comhar idirnáisiúnta in imscrúduithe coiriúla casta trasteorann is ea Comhfhoirne Imscrúdaithe. Cuireann siad ar chumas na n-údarás rannpháirteach faisnéis a mhalartú go díreach, gníomhaíocht imscrúdaitheach a chomhordú, agus oibríochtaí comhpháirteacha a dhéanamh laistigh de chreataí dlíthiúla comhaontaithe.

Ghlac an Garda Síochána páirt roimhe seo i gComhfhoirne Imscrúdaithe lena mbaineann comhpháirtithe idirnáisiúnta, lenar áiríodh i gcásanna a bhfuil gné gháinneála iontu. A bhuí le rannpháirtíocht i gComhfhoirne Imscrúdaithe, cumasaítear comhar fíor-ama, úsáid éifeachtúil acmhainní, agus comhordú feabhsaithe idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis ionchúisimh ar fud dlínsí.

## LÍONRA AN AONTAIS EORPAIGH UM RAPÓIRTÉIRÍ NÁISIÚNTA AGUS SÁSRAÍ COIBHÉISEACHA MAIDIR LE GÁINNEÁIL AR DHAOINE

Ghlac oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt páirt i gcruinnithe de chuid Líonra an Aontais Eorpaigh um Rapóirtéirí Náisiúnta agus Sásraí Coibhéiseacha (NREM). Éascaíonn an líonra comhar idir na Ballstáit maidir le faireachán a dhéanamh ar threochtaí gáinneála, maidir le tionchar na mbeart frithgháinneála a thomhas, agus maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú sonraí a fheabhsú.

Leagadh díriú sna pléití le linn na tréimhse tuairiscithe ar chosaint agus tacaíocht d'íospartaigh, ar chomhar idir údaráis fhorfheidhmithe dlí, ar chomhar breithiúnach, agus ar bhearta coiscthe, lena n-áirítear laghdú a dhéanamh ar an éileamh ar gháinneáil. Chomh maith leis sin, tá an líonra ina fhóram le haghaidh taithí a chomhroinnt maidir le cur chun feidhme reachtaíocht agus bheartas frithgháinneála an Aontais Eorpaigh.

## COMHORDAITHEOIRÍ AGUS RAPÓIRTÉIRÍ NÁISIÚNTA FRITHGHÁINNEÁLA

Ghlac an Roinn Dlí agus Cirt páirt i gcruinniú bliantúil na gComhordaitheoirí agus Rapóirtéirí Náisiúnta Frithgháinneála agus na Sásraí Coibhéiseacha, ar eagraigh Comhairle na hEorpa agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) é.

Leis na cruinnithe sin, tacaítear le comhar idirnáisiúnta trí thaithí a mhalartú, trí dhúshláin choiteanna a shainaithint, agus trí phlé a dhéanamh ar fhreagairtí éifeachtacha do gháinneáil ar dhaoine. Rannchuidíonn rannpháirtíocht le forbairt agus neartú a dhéanamh ar chreat náisiúnta frithgháinneála na hÉireann i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

## GRÚPA SANTA MARTA

Lean Éire lena caidreamh le Grúpa Santa Marta, ar comhghuaillíocht idirnáisiúnta atá comhdhéanta de cheannairí forfheidhmithe dlí agus de gheallsealbhóirí eile atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine agus ar sclábhaíocht nua-aimseartha é.

## AN LÍONRA EORPACH MAIDIR LE CEARTA ÍOSPARTACH (ENVR)

D'fhreastail oifigigh ón Roinn Dlí agus Cirt ar chruinnithe agus ceardlanna de chuid an Líonra Eorpaigh maidir le Cearta Íospartach (ENVR). Tá ENVR ina ardán le haghaidh comhar idir na Ballstáit maidir le saincheisteanna a bhaineann le cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála.

Tacaíonn rannpháirtíocht sa líonra le malartú saineolais agus rannchuidíonn sí le beartais agus cleachtais atá dírithe ar an íospartach a fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

## CEARDLANN ESCE

Cuireadh tús le hobair sa bhliain 2024 chun ullmhú do cheardlann aon lae ar óstáil an Roinn Dlí agus Cirt agus an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) í agus a tionóladh an 27 Eanáir 2025. Bhí an ghníomhaíocht sin mar chuid de Thionscadal Seachbhuiséadach Oifig an Ionadaí Speisialta agus an Chomhordaitheora um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc dar teideal "Cosc a chur ar gháinneáil ar dhaoine agus freagairt di le linn na géarchéime daonnúla a bhaineann leis an gcogadh san Úcráin", atá ar siúl ó bhí samhradh na bliana 2022 ann. Go dtí seo, seoladh na ceardlanna sin in 22 Stát rannpháirteacha de chuid ESCE atá ag óstáil líon mór dídeanaithe Úcránacha.

Ba í aidhm na ceardlainne ná sainaithint a dhéanamh ar chleachtais dhearfacha agus ar dheiseanna chun feabhas a chur ar ghnéithe de chosc na gáinneála agus de fhreagairt di, i gcomhthéacs an chogaidh san Úcráin agus na sreafaí daoine faoi seach. Le linn na ceardlainne, éascaíodh plé intíre ar na moltaí ó ESCE maidir leis na bealaí a gcuirtear na moltaí sin feidhme agus ar na dúshláin a breathnaíodh go dtí seo. Bhí an cheardlann ar oscailt do gheallsealbhóirí frithgháinneála ar dhaoine agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha iomchuí agus bhí sé mar aidhm léi baol na gáinneála ar dhaoine i measc dídeanaithe Úcránacha a laghdú.

# 6. AN DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2024

Ar fud na bliana 2024, rinneadh dul chun cinn ar bhearta chun gáinneáil a chomhrac, chun cur chuige atá níos dírithe ar an íospartach a chruthú i leith íospartaigh a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh, chun feasacht a mhúscailt, agus chun oiliúint a sholáthar. Tá siad seo a leanas i measc na mbuaicphointí ina leith sin:

- Achtaíodh an tAcht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2024. Rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2024 ar an obair chun tacú lena thosach feidhme agus lena chur chun feidhme.
- Cur chun feidhme leantach an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2023-2027, a foilsíodh an 6 Samhain 2023. I measc na bpríomhghnéithe den phlean tá creat oiliúna a fhorbairt do gach duine a thagann i dteagmháil le híospartaigh fhéideartha na gáinneála; múscailt feasachta agus scaipeadh faisnéise; agus gníomhartha a bhfuil mar aidhm leo feabhas a chur ar thacaí d'íospartaigh.
- Cuireadh oiliúint leanúnach ar phearsana bainistíochta teorann, ar phearsana aerfoirt, ar ghairmithe cúram sláinte, agus ar oibrithe sóisialta a d'fhéadfadh teacht i dteagmháil le híospartaigh fhéideartha na gáinneála, rud a thacaíonn le cleachtais fheabhsaithe sainaitheantais agus atreoraithe.
- I mí Dheireadh Fómhair 2024, ghlac comhaltaí sinsearacha de Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta páirt i gclár oiliúna ionsamhlúcháin bheo cúig lá ag an Ionad Barr Feabhais d'Aonaid Póilíní Cobhsaíochta (CoESPU) in Vicenza, an Iodáil. Leis an gcleachtadh ionsamhlúchán-bhunaithe sin i réigiún na Meánmhara, tugadh rannpháirtithe ó Dheisceart na hEorpa agus ón Afraic Thuaidh le chéile. Áiríodh leo sin údaráis tearmainn, aonaid imscrúdaithe choiriúil agus airgeadais, ionchúisitheoirí, comhlachtaí cigireachta saothair, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus seirbhísí sóisialta poiblí.
- Sa bhliain 2024, ghlac Éire páirt in 21 ghníomh oibríochtúla faoin Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), lenar áiríodh Oibríocht Global Chain. Sna gníomhartha sin, spriocdhíríodh ar gháinneáil chun críocha teachta i dtír ghnéasaigh, coiriúlachta éignithe agus déircínteachta éignithe, agus é mar chuspóir leo grúpaí coireachta eagraithe a bhí ag déanamh teacht i dtír ar dhaoine soghonta chun críocha gnóthachan airgeadais a bhrath agus cur isteach orthu.
- Leithdháileadh cistiú iomlán ab ionann agus €7.7 milliún ar níos mó ná 70 eagraíocht a thacaíonn le híospartaigh na coireachta, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála.
- Bhí méadú leantach ann ar an líon foriomlán comhad a bhaineann le gáinneáil a bhfuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iad.
- Rosa's Place, an chéad ionad sainchóiríochta in Éirinn d'íospartaigh bhaineanna na gáinneála, lean sé ar aghaidh ag feidhmiú ar fud na bliana 2024 tar éis a oscailte i mí na Samhna 2023. D'oibrigh an t-ionad mar threoirchlár, agus an rún ann an méid a d'fhoghlaimeofaí ón treoirchlár a úsáid chun bonn eolais a chur faoi sholáthar sainchóiríochta breise a fhorbairt amach anseo.
- An 26 Meitheamh agus an 27 Meitheamh 2024, rinneadh Cruinniú Mullaigh Ceannaireachta Sinsearaí Santa Marta maidir le gáinneáil ar dhaoine a chomhrac a thionól i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Ba iad an Garda Síochána agus Grúpa Santa Marta i gcomhpháirt a d'óstáil an t-imeacht dhá lá.

## IMSCRÚDUITHE AGUS IONCHÚISIMH

Sa bhliain 2024, sainaithníodh 67 gcás lenar bhain gáinneáil ar dhaoine. Faoi mar a tharla sna blianta roimhe seo, áirítear leis na cásanna sin gáinneáil a tharla in Éirinn agus gáinneáil a tharla lasmuigh den Stát araon, áit ar sainaithníodh íospartaigh trí nósanna imeachta náisiúnta.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, shaothraigh an Stát ionchúisimh in aghaidh 16 dhuine aonair, a bhain le 23 íospartach. Díobh sin, ionchúisíodh deichniúr i leith cionta gáinneála, eadhon ceathrar i leith teacht i dtír gnéasach agus seisear i leith teacht i dtír ar shaothar. Ionchúisíodh seisear eile i leith cionta nár chionta gáinneála iad agus a bhain le himscrúduithe gáinneála, lenar áiríodh striapachas eagraithe agus cionta a bhain le fostaíocht.

Sa bhliain 2024, áirithíodh dhá chiontú gáinneála[6]:

- Ciontú amháin i ngáinneáil a dhéanamh ar leanbh chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh (tharla an ciontú sa bhliain 2023, gearradh an phianbhreith sa bhliain 2024).
- Ciontú amháin i gcomhcheilg chun gáinneáil ar dhaoine a dhéanamh, ar ina leith a tharla an ciontú sa bhliain 2024 agus a gearradh an phianbhreith i mí an Mhárta 2025.

Tháinig roinnt ionchúiseamh chun críche sa bhliain 2024, agus ciontuithe ann i gcionta tromaí gaolmhara, i gcás nárbh fhéidir cúisimh gháinneála a choinneáil nó go raibh siad fós ar feitheamh. Áiríodh leo sin:

- Cionta a bhain le sciúradh airgid agus le striapachas eagraithe.
- Ciapadh agus iompraíocht chomhéigneach (ar ina leith a áirithíodh ciontú gáinneála ina dhiaidh sin sa bhliain 2025).
- Éigniú agus cionta gnéasacha tromaí eile a bhain le himscrúduithe gáinneála.

Léirítear sna figiúirí sin cé chomh casta agus a bhíonn ionchúisimh i leith gáinneála, áit a bhféadfadh ciontuithe faoi chionta malartacha a bheith mar thoradh ar imscrúduithe gáinneála, agus cuntasacht shubstainteach as coiriúlacht a bhaineann le teacht i dtír á léiriú fós.

## CUR CHUN FEIDHME AN PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NUA

Sa bhliain 2024, rinneadh dul chun cinn ar obair ar chur chun feidhme an Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2023-2027. Sa bhliain 2024, mar a fhoráiltear dó faoin bPlean Gníomhaíochta, bunaíodh roinnt grúpaí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean.
Is iad sin:

- An Grúpa Rialachais agus Straitéise um Gháinneáil ar Dhaoine. Tá an grúpa sin comhdhéanta d'oifigigh shinsearacha ó Ranna agus ó Ghníomhaireachtaí agus glacann saineolaithe iomchuí páirt ann de réir mar is cuí. Tá an grúpa faoi chathaoirleacht na Roinne Dlí agus Cirt agus is é an cuspóir foriomlán atá aige ná cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta a threorú, treoir straitéiseach a sholáthar maidir le freagairtí frithgháinneála, agus comhar idir príomhghníomhaireachtaí a bhrú chun cinn.

[6] Áirithíodh ciontuithe gáinneála breise sa bhliain 2025 tar éis ionchúisimh a tionscnaíodh agus a ndearnadh dul chun cinn orthu sa bhliain 2024 agus ní áirítear iad mar chiontuithe na bliana 2024 chun críche na tuarascála seo.

- An Grúpa Formhaoirseachta um Gháinneáil ar Dhaoine. Déanann an grúpa seo, ina bhfuil ionadaithe ó phríomhghníomhaireachtaí, eolas d'obair an Ghrúpa Rialachais agus Straitéise. Is grúpa formhaoirseachta ilghníomhaireachta é sin a bhfuil díriú oibríochtúil aige agus a bhfuil freagracht oibríochtúil air as comhordú agus forbairt náisiúnta a dhéanamh ar thionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí an phlean gníomhaíochta. Tionólann sé foghrúpa freisin chun plé a dhéanamh ar Theacht i dTír ar Shaothar.
- Fóram na nGeallsealbhóirí um Gháinneáil ar Dhaoine. Tá an grúpa seo comhdhéanta de gheallsealbhóirí ón earnáil pobail agus dheonach agus de gheallsealbhóirí saineolacha eile. Tá an Fóram le teacht le chéile dhá uair sa bhliain. Tugtar an t-eolas is deireanaí do bhaill an fhóraim ar chur chun feidhme an phlean, agus tá raon feidhme ann chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna níos leithne a bhaineann le Gáinneáil ar Dhaoine. Le fóram na ngeallsealbhóirí, cuirtear ar chumas raon leathan ionadaithe ón tsochaí shibhialta comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta náisiúnta.

## SOLÁTHAR SAINCHÓIRÍOCHTA

Is gníomh laistigh den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta é cóiríocht thiomnaithe a bhunú d'íospartaigh na gáinneála chun a chinntiú go soláthraítear cóiríocht inscneshonrach d'íospartaigh na gáinneála chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh orthu.

Ar fud na bliana 2024, d'oibrigh ionad sainchóiríochta, mar a bhí Rosa's Place, mar threoirchlár le haghaidh atreoruithe íospartaigh na gáinneála a bhí den inscne bhaineann. Thug an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) tacaíocht agus cistiú don treoirchlár. Is é is Rosa's Place ann ná aonad cóiríochta ocht leaba a sholáthraíonn saintacaíocht do mhná atá sainaitheanta mar íospartaigh na gáinneála, lena n-áirítear iad siúd a ndearnadh gáinneáil orthu chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh orthu. Chomh maith leis na tacaí a soláthraíonn FSS iad, beidh cásbhainisteoir sannta ag gach úsáideoir seirbhíse agus soláthróidh an cásbhainisteoir sin measúnú agus pleanáil tacaíochta atá curtha in oiriúint don duine aonair. Osclaíodh an t-ionad i mí na Samhna 2023 agus tá an treoirchlár á dhéanamh d'fhonn na nithe a d'fhoghlaimeofaí uaidh a chur san áireamh le linn aonaid sainchóiríochta eile a bhunú amach anseo.

## RAPÓIRTÉIR NÁISIÚNTA UM FHRITHGHÁINNEÁIL AR DHAOINE

Faoi Airteagal 19 den Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Frithgháinneáil, tá ceanglas dlíthiúil ar gach Ballstát den Aontas Eorpach Rapóirtéirí Náisiúnta nó sásraí coibhéiseacha a bheith acu chun treochtaí a mheasúnú, chun na torthaí ar ghníomhartha frithgháinneála a thomhas, chun staitisticí a bhailiú, agus chun tuairisciú a dhéanamh. I mí Dheireadh Fómhair 2020, tháinig Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas chun bheith ar Rapóirtéir Náisiúnta Neamhspleách na hÉireann um Fhrithgháinneáil ar Dhaoine.

Tá sé de chúram ar an gCoimisiún mar Rapóirtéir formhaoirseacht éifeachtach, neamhspleách agus fhiúntach a dhéanamh ar ghníomhartha an Stáit a bhfuil mar aidhm leo gáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus íospartaigh a chosaint. Tá ról lárnach ag Rapóirtéir Náisiúnta maidir le sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla cuimsitheacha a bhailiú agus maidir le taighde agus anailís a dhéanamh ar staid na gáinneála i Stát agus anailís chórasach a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas frithgháinneála.[7] Mar Rapóirtéir Náisiúnta, ullmhaíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas tuarascálacha meastóireachta bliantúla. Tá na tuarascálacha sin mar bhonn agus thaca ag faireachán éifeachtach agus ag forbairtí beartais. Is é príomhchuspóir na tuarascála sin acmhainn a sholáthar don lucht déanta beartas náisiúnta, do chleachtóirí agus do thaighdeoirí, agus an pobal a chur ar an eolas faoin staid maidir le gáinneáil ar dhaoine in Éirinn.

[7] Independent Anti-Slavery Commissioner, *The role of independent National Rapporteurs or equivalent mechanisms in enhancing States' anti-trafficking responses,* (ESCE, 2006) https://www.osce.org/files/f/documents/8/9/503920.pdf

I mí Mheán Fómhair 2024, d'fhoilsigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an Tríú Meastóireacht ar Chur Chun Feidhme na Treorach ón Aontas Eorpach maidir le Frithgháinneáil. Sa tuarascáil sin, díríodh ar an tréimhse ó mhí Eanáir 2023 go dtí mí na Nollag 2023 agus áiríodh léi meastóireacht mhionsonraithe ar iarrachtaí cur chun feidhme an Stáit, mar aon le moltaí nuashonraithe agus le réimsí tosaíochta tábhachtacha lena mbreithniú ag an Stát.

# 7. CEARTA ÍOSPARTACH, MÚSCAILT FEASACHTA, AGUS COSC

## AN CHAIRT ÍOSPARTACH AGUS FÓRAM NA nÍOSPARTACH

Bhí an Chairt Íospartach ina fhoinse lárnach inrochtana faisnéise fós maidir le cearta íospartach agus maidir leis na tacaí atá ar fáil. Sa Chairt, cuirtear faisnéis i láthair i bhformáidí atá soiléir agus áisiúil don úsáideoir, agus tá sí ar fáil ar líne agus i gcló araon, agus í ag tacú le híospartaigh ag gach céim den teagmháil leis an gcóras ceartais choiriúil. Tá sí ar fáil i gcló, agus ar líne ag www.victimscharter.ie

Bhí Fóram na nÍospartach i mbun feidhme fós le linn na tréimhse tuairiscithe, agus é ag feidhmiú mar ardán struchtúrtha le haghaidh idirphlé idir comhlachtaí Stáit agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a chistítear faoin scéim deontas d'Íospartaigh na Coireachta. Tacaíonn an Fóram le comhoibriú, le comhroinnt faisnéise, agus le sainaithint dea-chleachtas i dtacaíocht d'íospartaigh agus i gcomhordú seirbhísí. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin bhFóram a fháil anseo: Fóram na nÍospartach.

## IMEACHTAÍ MÚSCAILTE FEASACHTA

Bhí múscailt feasachta ina príomh-chomhpháirt fós d'iarrachtaí coiscthe na hÉireann faoin Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2023-2027. Leagadh díriú sna tionscnaimh le linn na tréimhse tuairiscithe ar fheabhas a chur ar thuiscint an phobail ar tháscairí gáinneála, ar chearta íospartach, agus ar na tacaí atá ar fáil, agus béim ar leith á leagan ar inrochtaineacht agus ar sholáthar ilteangach.

Áiríodh iad seo a leanas leis na príomhbhearta ina leith sin:

- Feachtas náisiúnta "Bíodh Eolas Agat ar Do Chearta" lena dtarraingítear aird ar chroíchearta lárnacha íospartach, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin.
- Forbairt leanúnach a dhéanamh ar acmhainní inrochtana ar líne, lena n-áirítear suíomh Gréasáin na Cairte Íospartach, an suíomh Gréasáin Blue Blindfold, agus an suíomh Gréasáin Anyone Trafficked.
- Ábhair chlóite ilteangacha a dháileadh i suíomhanna poiblí amhail stáisiúin Gardaí, ospidéil, cúirteanna, agus leabharlanna.
- Físeáin faisnéise chúirtbhunaithe a léiriú chun tacú le híospartaigh a fhreastalaíonn ar an gcúirt mar fhinnéithe.

Cuireadh bearta spriocdhírithe faisnéise chun feidhme freisin do dhaoine a tháinig go hÉirinn tar éis dóibh teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Áiríodh leo sin bileoga ilteangacha, a forbraíodh i gcomhar leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM), a dháileadh ag pointí iontrála.

## IDIRGHABHÁLAITHE CULTÚRTHA, PROTECT II

Ar fud na bliana 2024, lean an Roinn Dlí agus Cirt den tionscadal PROTECT II de chuid IOM a chistiú. Is tionscadal é sin a thacaíonn le himircigh arb íospartaigh gáinneála ar dhaoine agus foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe iad nó atá ina mbaol sin. Leagtar díriú sa tionscadal ar na nithe seo a leanas:

- Oiliúint a chur ar idirghabhálaithe cultúrtha chun tacú le caidreamh idir soláthraithe seirbhíse agus pobail imirceacha;
- Feasacht a chothú i measc gairmithe túslíne, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, ar tháscairí na gáinneála agus ar chonairí atreoraithe;
- Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí atá tuisceanach ó thaobh cultúir de do ghrúpaí soghonta.

Ag an am céanna, lean an feachtas feasachta 'Anyone' arna reáchtáil ag IOM de mhíthuiscintí ar gháinneáil a cheistiú agus dá chur in iúl gur féidir le teacht i dtír tarlú in aon phobal agus difear a dhéanamh do dhaoine ó gach cúlra. Baineadh úsáid san fheachtas as na meáin shóisialta, as moil iompair, agus as for-rochtain ilteangach chun aitheantas do tháscairí gáinneála agus do shásraí tuairiscithe a chur chun cinn.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SPRIOCDHÍRITHE FEASACHTA POIBLÍ

Rinneadh gníomhartha spriocdhírithe feasachta sa bhliain 2024 chun spriocphobail shonracha agus earnálacha sonracha a shroicheadh. Áiríodh leo sin:

- Operation Limelight ag Aerfort na Sionainne. Ba é a bhí ann ná tionscnamh feasachta ilghníomhaireachta lenar tugadh aghaidh ar mhídhleathacht an chiorraithe ball giniúna ban agus ar na rioscaí a bhaineann leis. Cuireadh an tionscnamh i gcrích i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le húdaráis cosanta leanaí.
- For-rochtain ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2024, áit ar labhair comhaltaí den Gharda Síochána agus de chomhpháirtithe is eagraíochtaí neamhrialtasacha go díreach le daoine den phobal chun feasacht a mhúscailt ar gháinneáil, lena n-áirítear teacht i dtír ar shaothar i gcomhthéacsanna tuaithe agus talmhaíochta.

## SUÍOMHANNA GRÉASÁIN

Forbraíodh an suíomh Gréasáin www.anyonetrafficked.com i gcomhar leis an bhfeachtas feasachta 'Anyone' chun aird a tharraingt ar na tacaí agus na seirbhísí atá ar fáil d'íospartaigh ón Stát agus ó eagraíochtaí pobail agus deonacha atá gníomhach san earnáil sin. Thuairiscigh IOM go raibh 883 chuairteoir uathúla agus orgánacha ann ar an suíomh Gréasáin Anyone Trafficked sa bhliain 2023. Is liostaithe ar na suíomhanna Gréasáin gáinneála Anyone Trafficked agus Blue Blindfold atá na huimhreacha teileafóin uile is féidir a úsáid chun faisnéis faoi gháinneáil ar dhaoine a thuairisciú.

Tá na suíomhanna Gréasáin sin éasca le rochtain agus saor in aisce, agus tugtar orthu forbhreathnú atá áisiúil don úsáideoir ar chomharthaí na coire arb éard í Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn, ar conas is féidir le daoine den phobal comharthaí na gáinneála a shainaithint agus a thuairisciú, agus ar conas a thacaíonn an Stát leis na híospartaigh sin tar éis dó iad a shainaithint. Ar an suíomh Gréasáin Blue Blindfold, tugtar liosta de na comharthaí tábhachtacha a d'fhéadfadh a thabhairt le fios go ndearnadh gáinneáil ar dhuine le haghaidh teacht i dtír ar shaothar, sclábhaíocht tí, gáinneáil ar leanaí, coiriúlacht éignithe, déircínteacht éignithe, pósadh éignithe, agus teacht i dtír ginearálta a dhéanamh.

### AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE

Lean an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre de ról lárnach a imirt maidir le cosc a chur ar theacht i dtír ar shaothar trí iniúchadh, forfheidhmiú agus soláthar faisnéise a dhéanamh. Idir mí Eanáir agus mí na Samhna 2024:

- Cuireadh 4,710 iniúchadh ar áiteanna oibre i gcrích, a chlúdaigh breis agus 232,000 oibrí;
- Ciontaíodh 126 fhostóir i gcionta dlí fostaíochta;
- Gnóthaíodh beagnach €1.9 milliún i bpá neamhíoctha d'fhostaithe.

Rinne an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gníomhaíocht fhairsing faisnéise agus for-rochtana freisin. Ina measc sin:

- Tugadh faisnéis faoi chearta fostaíochta do thart ar 56,000 glaoiteoir teileafóin;
- Tugadh breis agus 1.4 milliún cuairt ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre;
- Soláthraíodh seisiúin for-rochtana agus láithreoireachtaí do ghrúpaí geallsealbhóirí iomchuí.

Leanadh d'fhaisnéis faoi chearta fostaíochta a chur ar fáil i raon leathan teangacha, lenar áiríodh ábhair spriocdhírithe do ghrúpaí oibrithe soghonta amhail iascairí, oibrithe tí, agus daoine easáitithe, rud a rannchuidíonn le hiarrachtaí coiscthe agus leis an éileamh a laghdú.

# 8. Conclúid

Sa tuarascáil seo, tugtar forbhreathnú ar fhreagairt na hÉireann do gháinneáil ar dhaoine sa bhliain 2024, lena n-áirítear treochtaí sainaitheantais íospartach, na tacaí atá ar fáil, gníomhaíocht múscailte feasachta, agus forbairtí ábhartha beartais agus oibríochtúla. Léirítear inti an fhaisnéis a sholáthair comhlachtaí Stáit agus comhpháirtithe cistithe na sochaí sibhialta le linn na tréimhse tuairiscithe. Leanfar sa bhliain 2025 den Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus a Chomhrac 2023-2027 a chur chun feidhme, agus díriú leantach ann ar chosc, ar thacaí atá dírithe ar an íospartach, ar chomhar éifeachtach idir údaráis forfheidhmithe dlí agus ar chomhar idirnáisiúnta éifeachtach. Leanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce d'obair i gcomhar leis na geallsealbhóirí uile chun an fhreagairt náisiúnta a neartú i gcomhréir le hoibleagáidí na hÉireann agus le caighdeáin idirnáisiúnta.